

# HEAR

Bealach Rochtana ar Ardoideachas

# Lámhleabhar 2026

Do do threorú trí d'Iarratas HEAR

www.accesscollege.ie

HEAR HIGHER EDUCATION ACCESS ROUTE

# Na príomhdhátaí

**Spriocdháta:**
**Dé Máirt**
**10 Márta 2026**

Seol do cháipéisí tacaíochta chuig:

Iarratais HEAR 2026
CAO, Tower House, Sráid Eglinton, Gaillimh

faoin Máirt 10 Márta 2026.

1. Foilseofar eolas faoi Imeachtaí áitiúla eolais faoi Iarratais DARE agus HEAR in Institiúidí Ardoideachais (IA) a bheidh á reáchtáil i mí Eanáir 2026 ar **www.accesscollege.ie.**

2. Déan iarratas chuig CAO faoi, **17:00 Dé Domhnaigh 1 Feabhra 2026** ar **www.cao.ie.**

3. Comhlánaigh agus cuir isteach d'Fhoirm Iarratais HEAR faoin **17:00 Dé Domhnaigh 1 Márta 2026**.

4. Seol do cháipéisí tacaíochta chuig Iarratais HEAR 2026, CAO, Tower House, Sráid Eglinton, Gaillimh faoin **Máirt 10 Márta 2026**.

5. Cuir d'ainm agus d'uimhir CAO ar gach doiciméad a sheoltar chuig an CAO.

6. Coinnigh na bunchóipeanna de na doiciméid ar fad chomh maith le cruthúnas ar phostas. Ní dhéanfaidh HEAR teagmháil leat maidir le cáipéisíocht atá in easnamh, neamhiomlán nó míchruinn mar sin, cinntigh go bhfuil na cáipéisí ar fad a iarradh ar do sheicliosta curtha ar aghaidh agat faoin **Máirt 10 Márta 2026**.

Déan teagmháil le comhairleoir HEAR más rud é go bhfuil aon cheist agat sula gcuirfidh tú do cháipéisíocht isteach.



# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Réamheolas faoi HEAR | 1 |
| Amlíne d'Iarratas HEAR | 2 |
| Coláistí a ghlacann páirt i mHEAR | 3 |
| Tuilleadh réamheolais faoi HEAR | 4 |
| Critéir Cháilitheachta agus Creat Scórála HEAR | 6 |
| Eolas Bunriachtanach HEAR | 10 |
| D'iarratas HEAR a chomhlánú | 11 |
| **Codanna den Iarratas** | |
| Cuid 1: Do Sheoladh | 14 |
| Cuid 2: Scoil Dara Leibhéal | 15 |
| Cuid 3: Cárta Leighis/Cárta Cuairte Dochtúra | 16 |
| Cuid 4.1: Iarratasóirí ar bhfuil Taithí ar Chúram Acu/Tusla | 17 |
| Cuid 4.2/4.3: Baill den Lucht Siúil agus den Phobal Romach | 18 |
| Cuid 4.4: Iarratasóirí a bhí Gan Dídean | 19 |
| Cuid 4.5: Tuismitheoirí Óga | 20 |
| Cuid 5: Cleithiúnaithe Muintire | 22 |
| Cuid 6: Cúinsí Airgeadais Teaghlaigh | 23 |
| Cuid 7: Incháilitheacht HEAR a Thabhairt ar Aghaidh ó 2025 go dtí 2026 | 25 |
| **Cáipéisíocht Tacaíochta** | |
| Sonraí na gCáipéisí Tacaíochta a Theastaíonn | 26 |
| **Céimeanna Deiridh** | |
| Téarmaí agus Coinníollacha maidir leis an Iarratas | 31 |
| Chéad Chéimeanna Eile sa Phróiseas Iarratais | 33 |
| Achainí na Roinne Coimirce Sóisialaí ar Fhoirm Eolais | 34 |

# Réamheolas faoi HEAR

## Céard é HEAR?

Is ionann HEAR agus scéim mhalartach iontrálacha tríú leibhéal do dhaoine a fhágann an scoil, atá ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann agus atá faoi ghannionadaíocht de bharr a gcúinsí socheacnamaíocha.

Shocraigh roinnt coláistí agus ollscoileanna HEAR, de bharr go léirítear sa chruthúnas gur féidir le bochtaineacht fhadtréimhseach tionchar diúltach a imirt ar a fheabhas agus a éiríonn le scoláire ar scoil agus ar cé acu an rachaidh an scoláire sin ar aghaidh chuig an gcoláiste.

## An méid nach bhfuil i gceist le HEAR

Ní hionann HEAR agus do dheontas cothabhála (deontas SUSI). Is ionann an deontas cothabhála agus an phríomhfhoinse cúnaimh airgid atá ar fáil ó Stát na hÉireann don scoláire i gCúrsaí IarArdteistiméireachta (PLC) agus i gcúrsaí fochéime ardoideachais lánaimseartha. Is scéim iontrálacha é HEAR chun cabhrú leis an scoláire go traidisiúnta nach rachadh ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal, seans.

## Cé atá in ann iarratas a dhéanamh ar HEAR?

Is do dhaoine a fhágann an scoil é HEAR atá faoi 23 bliain d'aois ar an 1 Eanáir 2026 agus atá ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann.

Tá a mbealaí iontrála féin ag mic léinn lánfhásta agus ag mic léinn Breisoideachas agus Oiliúint (BOO) agus ba cheart dóibh teagmháil a dhéanamh le hoifigí iontrála coláistí chun tuilleadh eolais a fháil.

Ní féidir iarratais a dhéanamh ar HEAR ach ar líne. Ní ghlacfar le foirm iarratais HEAR ach trí aighneacht ar líne.

Tá sonraí teagmhála na gcoláistí rannpháirteacha ar fáil ar leathanach 3.



# Amlíne d'Iarratas HEAR

| Dáta | Gníomh le tógáil roimh an spriocdháta |
|---|---|
| **Ó Shamhain 2025** | Iarratais CAO oscailte ón gCéadaoin **5 Samhain 2025 ag 12 meán lae.**<br>1. Téigh siar ar Lámhleabhar HEAR in éineacht le do thuismitheoir(í)/ chaomhnóir(í).<br>2. Déan iarratas CAO ag **www.cao.ie.**<br>3. Comhlíon Iarratas ar líne HEAR ag **www.cao.ie.**<br>4. Cruinnigh do chuid cáipéisíochta tacaíochta.<br>**Cuimhnigh gurbh fhéidir go dtógfadh sé roinnt seachtainí lena bhfáil.** |
| **Faoin 1 Feabhra 2026** | Déan iarratas chuig CAO faoi 17:00 Dé Domhnaigh 1 Feabhra 2026. |
| **Faoin 1 Márta 2026** | 1. Críochnaigh gach cuid d'Fhoirm Iarratais ar Líne HEAR faoi 17:00 Dé Domhnaigh 1 Márta 2026.<br>2. Cruinnigh an cháipéisí tacaíochta ar fad atá ábhartha do d'iarratas. |
| **Faoin 10 Márta 2026** | 1. Seol do cháipéisí tacaíochta chuig Iarratais HEAR 2026, CAO, Tower House, Sráid Eglinton, Gaillimh faoin Máirt 10 Márta 2026.<br>2. Cinntigh go bhfuil do chuid cóipeanna soiléir agus soléite. Cuir uimhir ar gach leathanach agus scríobh d'uimhir iarratais CAO agus an dáta chun tosaigh ar gach leathanach. Ní ghlactar le cáipéisí trí ríomhphost.<br>3. **Coinnigh an bunchóip de gach doiciméad agus faigh teastas poist ón bPost gach uair a sheolann tú cáipéisí tacaíochta chuig CAO.**<br>4. Chun deimhniú a fháil gur bhain na doiciméid a phostáil tú an ceann scríbe amach slán in CAO, iaigh cárta poist stampáilte, a bhfuil do sheoladh air ina bhfuil na sonraí faoi na doiciméid a chuir tú isteach. |
| **Aibreán - Meitheamh 2026** | Measúnú Iarratas HEAR |
| **I dtreo dheireadh mhí Meithimh 2026** | Cuirfear na hiarratasóirí ar an eolas maidir le toradh an Iarratas HEAR trí ríomhphost. |
| **Deireadh mhí Meithimh/Tús mhí Iúil 2026** | Iarratas Athbhreithnithe agus Achomhairc HEAR. |
| **Lúnasa 2026** | Cuirfear na hiarratasóirí ar an eolas trí ríomhphost maidir le toradh an iarratais Athbhreithnithe agus Achomharc.<br>Torthaí Scrúduithe na hArdteistiméireachta Tairiscintí ón Lár-Oifig Iontrála. Glac le tairiscint CAO.<br>Glac le tairiscint HEAR do thacaíochtaí breise coláiste. |
| **Deireadh Lúnasa/Tús Mheán Fómhair 2026** | Freastail ar chlár tionscnaimh éigeantach HEAR. |

# Coláistí a ghlacann páirt i mHEAR

| Institiúid | Guthán | Ríomhphost | Suíomh Gréasáin |
|---|---|---|---|
| **Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh** | | | |
| Campas Dhún na nGall Campas na Gaillimhe Campas Shligigh Coláiste San Aingeal | (074) 918 6170<br>(091) 742 598<br>(071) 915 5433<br>(071) 917 9516 | hear@lyit.ie hear.galwaymayo@atu.ie hear@itsligo.ie hear@stangelas.ie | www.atu.ie |
| **Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath** | (01) 700 8868<br>(01) 700 9213 | hear@dcu.ie | www.dcu.ie/access |
| **Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire** | (01) 239 4628 | hear@iadt.ie | www.iadt.ie |
| **Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan** | (042) 937 0236 | hear@dkit.ie | www.dkit.ie |
| **Institiúid Oideachais Marino** | (01) 805 7752 | access@mie.ie | www.mie.ie |
| **Coláiste Mhuire gan Smál** | (061) 204 510 | accessoffice@mic.ul.ie | www.mic.ie/access-disability |
| **Ollscoil Mhá Nuad** | (01) 708 4600 | hear@mu.ie | www.maynooth university.ie/hear |
| **Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan** | | | |
| Campas Chorcaí Campas Chiarraí | (021) 433 5138<br>(066) 714 5636 | HearCork@mtu.ie<br>HearKY@mtu.ie | www.mtu.ie/access/hear |
| **An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha** | (01) 636 4200 | hear@ncad.ie | www.ncad.ie/students/support-services/ |
| **Coláiste Náisiúnta na hÉireann** | (01) 449 8500 | hear@ncirl.ie | www.ncirl.ie |
| **Ollscoil an Phápa, Má Nuad** | (01) 708 4600 | hear@mu.ie | www.mu.ie/hear |
| **Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn - Ollscoil na nEolaíochtaí Leighis & Sláinte** | (01) 402 2228 | hear@rcsi.ie | www.rcsi.ie/study |
| **Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt** | | | |
| Campas Cheatharlaigh agus Loch Garman Campas Phort Láirge | (059) 917 5600<br>(051) 306 192 | HEAR.CW@setu.ie<br>hear.wd@setu.ie | www.setu.ie/study |
| **Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath** | (01) 220 8440 | hear@tudublin.ie | www.tudublin.ie/hear |
| **Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne** | | | |
| Campas Bhaile Átha Luain Campas Luimnigh | (090) 646 8123<br>(061) 293 130 | hear.midlands@tus.ie<br>hear.midwest@tus.ie | www.tus.ie |
| **Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath** | (01) 896 3696 | hear@tcd.ie | www.tcd.ie/trinityaccess |
| **Coláiste na hOllscoile, Corcaigh** | (021) 490 4806 | hear@ucc.ie | www.ucc.ie/hear |
| **Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath** | (01) 716 7123 | hear@ucd.ie | www.ucd.ie/all |
| **Ollscoile na Gaillimhe** | (091) 493 553 | hear@university ofgalway.ie | www.universityofgalway.ie/access-students |
| **Ollscoil Luimnigh** | (061) 234 122 | hear@ul.ie | www.ul.ie |

# Cé na buntáistí a bhaineann le hiarratas HEAR a dhéanamh?

## Cén chaoi a n-oibríonn na Pointí Íslithe?

Má chuireann tú isteach ar HEAR agus má chomhlíonann tú na critéir iarratais (is é sin, go meatar go bhfuil tú incháilithe le haghaidh HEAR) d'fhéadfaí áit a thairiscint duit go fiú mura bhfuil dóthain pointí Ardteistiméireachta agat le haghaidh do chúrsa ab fhearr leat. Tá líon áiteanna curtha in áirithe ag gach coláiste atá páirteach chun tairiscint d'iarratasóirí HEAR ag pointí Ardteistiméireachta laghdaithe nó níos ísle.

Sampla de thairiscint laghdaithe pointí is ea gurb ionann líon na bpointí Ardteistiméireachta le haghaidh cúrsa ar leith agus 366 pointe agus d'fhéadfadh áit a thairiscint d'iarratasóir incháilithe HEAR scór pointí níos ísle, m.sh. 356 pointe. Bheadh ar an iarratasóir céanna, ach an oiread le gach iarratasóir eile a chuirfidh isteach ar choláiste bunaithe ar a dtorthaí Ardteistiméireachta, íosmhéid na riachtanas iontrála a chomhlíonadh chomh maith le gach riachtanas cláir ar leith sula ndéanfaí machnamh air le haghaidh tairiscint pointí laghdaithe HEAR. Bíonn laghdú na bpointí le haghaidh áiteanna HEAR éagsúil gach bliain.

Braitheann líon na bpointí a laghdaítear le haghaidh cúrsa ar leith ar roinnt cúiseanna, amhail:

- Líon foriomlán na n-áiteanna ar an gcúrsa,
- Líon na n-áiteanna ar an gcúrsa atá curtha ar leataobh do HEAR,
- Líon na n-iarratasóirí incháilithe HEAR atá ag dul in iomaíocht le haghaidh na n-áiteanna atá curtha in áirithe. Tá tuilleadh eolais ar **www.accesscollege.ie.**

# Tacaíocht Choláiste Bhreise

Má éiríonn leat áit a fháil trí HEAR, gheobhaidh tú réimse tacaíochtaí acadúla, pearsanta agus sóisialta le linn duit a bheith ag freastal ar choláiste.

Samplaí de thacaíochtaí coláiste breise a d'fhéadfadh a bheith ann ná:

- Clár Ionduchtaithe ionas go bhfaighidh tú cur amach ar an ollscoil/ar an gcoláiste - déan teagmháil leis na coláistí rannpháirteacha chun dátaí Ionduchtaithe 2026 a fháil.
- Teagasc breise, más sin a theastaíonn, scileanna staidéir agus ullmhúchán scrúduithe.
- Cruinnithe aonair le comhairleoirí mic léinn.
- Teacht le chéile sóisialta/meantóireacht.
- Cúnamh breise airgeadais nuair a bhíonn fáil air/comhairle a bhaineann le deontais agus scoláireachtaí.


## Ar cheart dom iarratas a dhéanamh?

Ní mór do na hiarratasóirí HEAR réimse critéar airgeadais, sóisialta agus cultúrtha a chomhlíonadh ionas go ndéanfaí machnamh orthu le haghaidh áit pointí laghdaithe agus tacaíocht choláiste bhreise. Tá liosta de na táscairí HEAR ar fad anseo:

1. **Ioncam:** Tá ioncam do theaghlaigh ar Theorainn Ioncaim HEAR nó faoina bun don bhliain 2024 (féach leathanach 9 chun sonraí a fháil maidir le Teorainn Ioncaim HEAR).
2. **Cárta Leighis/Cárta Cuairte Dochtúra:** Tá Cárta Leighis/Cárta Cuairte Dochtúra ag do theaghlach a bhí bailí ar an 31 Nollaig 2025.
3. **Leas Sóisialach de réir Tástáil Acmhainne:** Fuair do theaghlach íocaíocht atá tástáilte ó thaobh acmhainne ón Roinn Coimirce Sóisialaí ar feadh 26 seachtain ar a laghad in 2024.
4. **Freastal ar Scoil DEIS:** Chríochnaigh tú cúig bliana i scoil dara leibhéal a ghlacann páirt sa scéim Comhionannas Deiseanna ar a Sheachadadh i Scoileanna (DEIS) á reáchtáil ag an Roinn Oideachais agus Óige.
5. **Próifíl Cheantair:** Tá cónaí ort i gceantar atá faoi mhíbhuntáiste ar leith – i bhfocail eile, ceantar ina bhfuil dífhostaíocht mhór agus bochtaineacht mhór ann mar shampla agus ceantar nár bhain ach roinnt bheag daoine fásta ann oideachas tríú leibhéal amach. Comhlíonfaidh iarratasóirí a bhí gan dídean i rith a gcuid oideachais iar-bhunscoile agus atá cláraithe ar Chóras Cóiríochta agus Tacaíochta Slí Abhaile (CCTSA) na critéir a bhaineann leis an bPróifíl Cheantair.
6. **Grúpaí Tosaíochta HEAR:** Iarratasóirí ar mian leo go mbreithneofaí iad faoi cheann amháin nó níos mó de na catagóirí seo a leanas:
   - Taithí ar Chúram
   - Ball den Lucht Siúil
   - Ball den Phobal Romach
   - Tuismitheoir Óg
   - Iarratasóir Incháilithe HEAR agus DARE

**Ní mór duit Tascaire 1, Teorainn Ioncaim HEAR, a chomhlíonadh, mar aon le híos-scór de 2.5 le bheith incháilithe le haghaidh HEAR. Tá na scóir chritéir agus na critéir incháilitheachta liostaithe sa chéad chuid eile.**

Ríomhtar Táscaire 1, Teorainn Ioncaim HEAR bunaithe ar an méid seo a leanas:
- Líon na bpáistí i do theaghlach;
- Líon na ndaoine i do theaghlach atá i mbun oideachas lánaimseartha.



# Critéir Cháilitheachta agus Creat Scórála HEAR

## Cén fáth a n-úsáidtear Córas Scórála?

Tá an **Bealach Rochtana ar Ardoideachas (HEAR)** deartha chun cabhrú le mic léinn a bhí faoi mhíbhuntáiste oideachais le linn dóibh a bheith ag freastal ar oideachas iar-bhunscoile, cosúil le hioncam teaghlaigh íseal, bacainní sóisialta nó cónaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste.

Trí úsáid a bhaint as **córas scórála**, is féidir linn a chinntiú go dtacaítear leis na daoine is mó a dteastaíonn tacaíocht uathu. Ceadaíonn an córas seo dúinn measúnú a dhéanamh ar imthosca uathúla gach iarratasóra ar bhealach cothrom agus struchtúrtha.

## Conas a Chabhraíonn an Córas Scórála seo le hIarratasóirí HEAR?


- **Trí dhíriú ar an dream is mó atá faoi Mhíbhuntáiste**
  Cinntíonn an córas scórála go dtugtar tús áite do mhic léinn atá faoin míbhuntáiste is mó ionas gur féidir leo tairbhe a bhaint as áiteanna pointí laghdaithe.

- **Díríonn sé orthu siúd is mó a dteastaíonn sé uathu**
  Trí scóir a shannadh agus tairseacha a shocrú, is féidir linn ár n-acmhainní a úsáid sna háiteanna a mbeidh an méid is mó tionchair acu, cabhrú le mic léinn a bhfuil seans níos lú ann go mbeidh rochtain acu ar ardoideachas gan tacaíocht bhreise.

# Ar cheart dom iarratas a dhéanamh?

**Anseo thíos tá na scóir atá leithdháilte ag scéim HEAR faoi gach critéar. Ní mór d'iarratasóirí HEAR scór critéir a bhaint amach atá bunaithe ar na critéir sin a chomhlíonadh.**

| Critéir | Scór | Cá bhfaighfeá tuilleadh eolais |
|---|---|---|
| **1. Ioncam (Éigeantach)** | Ní mór do gach iarratasóir ar HEAR na critéir ísealioncaim a chomhlíonadh (ní bhronntar aon scór) | Féach ar leathanach 9 don eolas a theastaíonn faoin gcritéar seo |
| **2. Cárta Leighis**<br>Cárta Leighis a bheidh bailí ar an 31 Nollaig 2025 | **Tá** = 1 nó **Níl** = 0 | Féach ar leathanach 16 don eolas a theastaíonn faoin gcritéar seo |
| **3. Sochair Leasa Shóisialaigh de réir Tástáil Acmhainne** | **Tá** = 1 nó **Níl** = 0 | Féach ar leathanach 23 don eolas a theastaíonn faoin gcritéar seo |
| **4. Ceantar (Scór Innéacs Díothachta)** | **Míbhuntáiste Suntasach** = 2.5<br>**An-mhíbhuntáiste** = 2.5<br>**Iarratasóirí a bhí gan dídean** = 2.5<br>**Faoi mhíbhuntáiste** = 1.5<br>**Beagán Faoi Bhun an Mheáin nó níos airde** = 0 | Féach ar leathanach 14 don eolas a theastaíonn faoin gcritéar seo |
| **5. Stádas Scoil DEIS** | **Tá** = 1.5 nó **Níl** = 0 | Féach ar leathanach 15 don eolas a theastaíonn faoin gcritéar seo |
| **Uasmhéad Pointí is féidir a bhaint amach** | 7 | |



## Scóir Incháilitheachta do HEAR


Suimítear do scór critéir iomlán chun a fháil amach an iarratasóir Tosaíochta HEAR, iarratasóir incháilithe HEAR nó iarratasóir Neamh-incháilithe HEAR thú.

| Scór Critéir HEAR Iomlán | Incháilitheacht |
|---|---|
| **5.5 - 7** | Iarratasóir Tosaíochta HEAR (Téann an t-iarratasóir in iomaíocht le haghaidh tairiscintí pointí laghdaithe HEAR tríd an CAO agus tugtar tús áite dó nó di nuair a bhíonn tairiscintí á ndéanamh). |
| **2.5 - 5** | Iarratasóir atá Incháilithe do HEAR ach nach bhfuil stádas tosaíochta HEAR aige nó aici (Téann an t-iarratasóir in iomaíocht le haghaidh tairiscintí pointí laghdaithe HEAR tríd an CAO). |
| **2 or Lower** | Níl an t-iarratasóir incháilithe do HEAR, ach breithneofar é nó í do thairiscintí CAO. |

## Grúpaí Tosaíochta HEAR

Tugann scéim HEAR aitheantas do ghrúpa sonracha atá faoi mhíbhuntáiste ar leith. Fuarthas amach i dtaighde go bhfuil scoláirí ó na grúpaí seo a leanas faoi ghannionadaíocht shuntasach in ardoideachas in Éirinn. Chun cur le líon na mac léinn HEAR ó na grúpaí seo atá ag tabhairt faoi chúrsaí ardoideachais, d'aontaigh HEAR tús áite a thabhairt do na grúpaí seo a leanas:

1. **Iarratasóirí ar bhfuil Taithí ar Chúram Acu.**
2. **Iarratasóirí ar mian leo go nglacfaí leo mar bhall den Lucht Siúil ina n-iarratas HEAR.**
3. **Iarratasóirí ar mian leo go nglacfaí leo mar bhall den Phobal Romach ina n-iarratas HEAR.**
4. **Tuismitheoirí Óga.**
5. **Iarratasóirí atá incháilithe do HEAR agus do DARE araon.**



# Incháilitheacht agus an Córas Scórála

Baineann HEAR úsáid as córas scórála chun measúnú a dhéanamh ar incháilitheacht HEAR agus chun cinneadh a dhéanamh maidir lenar cheart iarratasóirí a bhreithniú d'áiteanna pointí laghdaithe tosaíochta HEAR. Seo a leanas an córas scórála atá in úsáid do gach spriocghrúpa:

| Spriocghrúpa | Critéir | Scór | Tuilleadh eolais |
|---|---|---|---|
| Taithí ar Chúram | Litir ó Tusla | 7 | Aimsigh ar Leathanach 17 |
| Ball den Lucht Siúil | Litir Theistiméireachta Scoile nó Pobail | 7 | Aimsigh ar Leathanach 18 |
| Ball den Phobal Romach | Litir Theistiméireachta Scoile nó Pobail | 7 | Aimsigh ar Leathanach 18 |
| Tuismitheoir Óg | Ráiteas Ísealioncaim agus RCS = | 7 | Aimsigh ar Leathanach 20 |
| Incháilithe do HEAR agus do DARE | Incháilitheacht HEAR agus Incháilitheacht DARE | 7 | Aimsigh ar Leathanach 36 |

Úsáid an tábla lena fháil amach an bhfuil ioncam do theaghlaigh ar cóimhéid le nó níos lú ná teorainn ioncaim HEAR.

| Líon na bpáistí spleácha* i do theaghlach | Theorainn Ioncaim HEAR |
|---|---|
| Níos lú ná 4 | €46,790 |
| 4-7 | €51,325 |
| 8 nó níos mó | €55,630 |
| **Cuir €4,785 le hioncam do mhuintire/do theaghlaigh le haghaidh gach siblín/tuismitheora atá cláraithe go lánaimseartha i gcoláiste, in ollscoil nó i gcúrsa iar-ardteistiméireachta.** | |

*Is ionann duine spleách agus:
- siblín faoi 16 bliana d'aois ar an 1 Deireadh Fómhair 2025.
- siblín os cionn 16 bliana d'aois ar an 1 Deireadh Fómhair 2025 atá:
  - ag freastal ar oideachas iar-bhunscoile.
  - nó ag freastal ar chúrsa lánaimseartha in BOO nó in ardoideachas.
  - nó atá teastasaithe ó thaobh sláinte de mar dhuine nár cheart dó a bheith ag obair.
- tuismitheoir atá ag freastal ar chúrsa lánaimseartha in BOO nó in ardoideachas.

**An bhfuil ioncam do theaghlaigh níos lú ná teorainn HEAR agus an gceapann tú go bhfuil seans ann go bhféadfá an meascán ceart de na táscairí HEAR eile a chomhlíonadh?**
TÁ agus CEAPAIM - Cuireann do fhreagra in iúl dúinn gur cheart duit machnamh a dhéanamh ar iarratas a dhéanamh ar HEAR.
NÍL agus NÍ CHEAPAIM - Cuireann do fhreagra in iúl nár cheart duit machnamh a dhéanamh ar iarratas HEAR.

# Eolas Bunriachtanach HEAR

## Cén chaoi a gcuirtear isteach ar HEAR?

### Caithfidh iarratasóirí a chuireann isteach ar HEAR:

1. A bheith faoi 23 bliain d'aois ar an 1 Eanáir 2026.
2. Iarratas ar líne a dhéanamh chuig CAO faoi **17:00 Dé Domhnaigh 1 Feabhra 2026.** Osclaítear iarratais CAO ar an **gCéadaoin 5 Samhain 2025 ag 12 meán lae.**
3. Cuir in iúl ar d'iarratas CAO gur mhaith leat cur isteach ar an scéim HEAR agus gach gné den fhoirm HEAR ar líne a chomhlánú go hiomlán agus go cruinn roimh **17:00 Dé Domhnaigh 1 Márta 2026.** Nuair a bheidh an fhoirm iarratais HEAR comhlánaithe agat, tiocfaidh seicliosta i láthair ar na scáileán ina mbeidh na doiciméid a chaithfidh tú a chur ar fáil luaite.
4. Seol do cháipéisí tacaíochta ionas go mbainfidh siad an CAO amach roimh **17:00 ar an Máirt 10 Márta 2026.**



# D'iarratas HEAR a chomhlánú

Tá an chuid seo ceaptha le bheith mar áis ionas go mbeidh sé níos éasca ortsa agus ar do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) d'iarratas HEAR a chomhlánú.

**Is ar mhaithe le léiriú amháin atá na híomhánna sa lámhleabhar seo, ticbhoscaí agus táblaí san áireamh - téigh chuig www.cao.ie chun an fhoirm oifigiúil ar líne a líonadh.**

## Treoracha Tábhachtacha le haghaidh d'Iarratas HEAR

1. Faigh cúnamh ó do thuismitheoirí/do chaomhnóirí agus úsáid an lámhleabhar seo chun cuidiú leat gach ceist ábhartha ar d'iarratas HEAR ar líne a fhreagairt.
2. Comhlánaigh an t-iarratas le do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) go háirithe i gcás cheist 6.
3. Priontáil do sheicliosta nó seol do sheicliosta chuig do chuntas ríomhphoist. Tá an seicliosta le fáil ag bun d'iarratas HEAR ar líne, ionas go mbeidh a fhios agat go díreach cé na doiciméid le cur isteach. Féach ar an lámhleabhar seo chun sonraí a fháil maidir leis an gcaoi chun do cháipéisí tacaíochta a fháil.
4. Tar éis duit d'iarratas ar líne a chur isteach, téigh chuig **www.cao.ie**, cliceáil ar 'Mo Chuntas', logáil isteach agus cinntigh gur comhlánaíodh d'iarratas go cruinn.
5. Cuir tús le do chuid cáipéisí tacaíochta a chruinniú le chéile go luath. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé roinnt seachtainí ort na doiciméid ar fad a réiteach chun iad a sheoladh chuig an CAO.
6. **Ná cuir san áireamh ach na doiciméid a iarradh ar do sheicliosta. Ní chuirfear aon doiciméad ná aon eolas eile san áireamh.**
7. Tá sé de fhreagracht ortsa a chinntiú go bhfuil gach foirm sínte, stampáilte agus comhlánaithe leis an eolas cruinn ag an bpearsanra cuí de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí.
8. Cinntigh go mbaineann do dhoiciméid ioncaim leis an mbliain cheart.
   - Ráiteas Dliteanais le haghaidh **2024** agus/nó Litir Féin-Mheasúnaithe – Caibidil 4 le haghaidh 2024.
   - Foirm nó ráiteas na Roinne Coimirce Sóisialaí le haghaidh **2024**.


9. Cuir isteach gach leathanach den Ráiteas Dliteanais le haghaidh 2024 agus/nó den Fhéin-Mheasúnú – Caibidil 4 le haghaidh 2024.
10. Seol fótachóipeanna ardchaighdeáin de na doiciméid, **ní bunchóipeanna**.
11. Coinnigh fótachóip de gach doiciméad a chuireann tú isteach chuig an CAO. **Coinnigh cruthúnas ar phostáil.**
12. Cuir isteach gach eolas roimh na spriocdhátaí:
    - Dé Domhnaigh 1 Márta 2026 le haghaidh d'iarratas HEAR ar líne.
    - Dé Máirt 10 Márta 2026 le haghaidh do cháipéisí tacaíochta.
13. **Ní dhéanfaidh HEAR teagmháil leat maidir le cáipéisíocht atá in easnamh, neamhiomlán nó míchruinn mar sin, cinntigh go bhfuil na cáipéisí ar fad a iarradh ar do sheicliosta curtha ar fáil agat faoin Máirt 10 Márta 2026.** Déan teagmháil le comhairleoir HEAR más rud é go bhfuil aon cheist agat sula gcuirfidh tú do cháipéisíocht isteach.
14. Cuimhnigh do chuntas ríomhphoist a sheiceáil go rialta le haghaidh fógraí tábhachtacha CAO faoi d'iarratas.

## Fhoirm Iarratais HEAR ar Líne

Chun logáil isteach, ní mór duit do shonraí faoin gcuid **M'Iarratas** den CAO a chur isteach ar shuíomh gréasáin an CAO agus cliceáil **Logáil Isteach.** Scrollaigh síos agus roghnaigh an cnaipe **Foirm HEAR** faoin mBealach Rochtana ar Ardoideachas.

Do na codanna seo a leanas, tógadh eolas ó fhoirm iarratais HEAR ar líne, a dhéanann cur síos ar an eolas a theastaíonn ó HEAR. Cuideodh sé seo le do chuid ullmhúcháin chun iarratas a dhéanamh ar HEAR.

**Sa chuid seo ní mór duit 3 rud a dhéanamh:**



1. **Deimhnigh go bhfuil ioncam do theaghlaigh laistigh de Theorainn Ioncaim HEAR.**
2. **Aontaigh le machnamh a dhéanamh ort le haghaidh HEAR.**
3. **Aontaigh gur léigh agus go nglacann tú le Téarmaí agus Coinníollacha HEAR.**

Sula rachaidh tú ar aghaidh le d'iarratas HEAR ní mór duit a chinntiú go bhfuil ioncam do theaghlaigh laistigh de Theorainn Ioncaim HEAR. Chun é sin a dhéanamh ní mó duit tic a chur le 'Tá' nó 'Níl' mar fhreagra ar an gceist seo:

**An bhfuil ioncam do theaghlaigh níos lú ná Teorainn Ioncaim HEAR?**
Úsáid an ghrafaic seo a leanas den fhoirm iarratais HEAR mar threoir chun d'iarratas HEAR a chomhlánú.

## Céard é HEAR?

Is ionann an Bealach Rochtana ar Ardoideachas (HEAR) agus scéim coláistí agus ollscoileanna a chuireann áiteanna ar fáil ar pointí laghdaithe agus a thugann tacaíocht choláiste bhreise do na daoine a d'fhág an scoil atá ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann agus atá faoi ghannionadaíocht de bharr a gcúlra socheacnamaíocha. Shocraigh roinnt institiúidí ardoideachais in Éirinn HEAR. Féach **www.accesscollege.ie** chun liosta a fháil de na hinstitiúidí ardoideachas rannpháirteacha.

## Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?

Is do dhaoine a fhágann an scoil é HEAR atá faoi 23 bliain d'aois ar an 1 Eanáir 2026. Tá a mbealaí féin ag mic léinn aibí agus ag mic léinn BOO agus ba cheart dóibhsean teagmháil a dhéanamh le hoifigigh iontrála na nInstitiúidí Ardoideachais aonair chun tuilleadh eolais a fháil.

## Ar cheart dom iarratas a dhéanamh?

Ní mór duit ioncam teaghlaigh íseal a bheith agat ionas go ndéanfar machnamh ort le haghaidh HEAR. I gcás HEAR déantar cinneadh maidir le hioncam teaghlaigh a bheith íseal bunaithe ar an méid seo a leanas:

- Líon na bpáistí i do theaghlach
- Líon na ndaoine i do theaghlach atá i mbun oideachas lánaimseartha
- An méid airgid a shaothraigh do thuismitheoirí/do chaomhnóirí mar ioncam sa bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2024. Úsáid an tábla lena fháil amach an bhfuil ioncam do theaghlaigh ar cóimhéid le nó níos lú ná teorainn ioncaim HEAR:

| Líon na bpáistí spleácha* i do theaghlach | Cúnamh? | Theorainn Ioncaim HEAR |
|---|---|---|
| Níos lú ná 4 | | €46,790 |
| 4-7 | | €51,325 |
| 8 nó níos mó | | €55,630 |

Cuir €4,785 le hioncam do mhuintire/do teaghlaigh le haghaidh gach siblín/tuismitheora atá cláraithe go lánaimseartha i gcoláiste, in ollscoil nó i gcúrsa iar-ardteistiméireachta.

An bhfuil ioncam iomlán do theaghlaigh níos lú ná Teorainn HEAR? Tá ◯ Níl ◯

**Má chuireann tú tic le 'Tá' mar fhreagra ar an gceist seo, fiafrófar díot dá mba mhaith leat go ndéanfaí machnamh ort le haghaidh HEAR.**

# Cuid 1: Do Sheoladh

Úsáidtear an t-eolas seo lena fháil amach cé acu an bhfuil tú i do chónaí i gceantar uirbeach nó tuaithe atá faoi mhíbhuntáiste. Má chuireann tú isteach do sheoladh baile go cúramach ach an fhormáid thíos a úsáid, cinntítear go bhfuil an tuiscint is fearr againn ar an áit a bhfuil tú i do chónaí. Tabhair faoi deara, d'fhéadfadh HEAR teagmháil a dhéanamh leat agus iarraidh ort cruthúnas ar an seoladh baile seo a chur ar fáil.

Ní bhíonn ainmneacha ná uimhreacha i roinnt seoltaí baile. Mura bhfuil ainm ná uimhir san áireamh le do sheoladh baile, fág na réimsí bán. Seoladh Éirchód i mí Iúil 2016 agus is ionann Éirchód agus córas postchód na hÉireann. Is féidir le héirchód a bheith áisiúil chun seoladh baile a shainaithint go cruinn. Is féidir tuilleadh eolais maidir leis an gcaoi chun d'Éirchód a fháil ó **eircode.ie**

## Cuid 1: Seoladh

Cuir isteach do sheoladh baile reatha.

Tabhair faoi deara go bhféadfaí teagmháil a dhéanamh leat agus go bhféadfaí iarraidh ort cruthúnas ar do sheoladh baile a chur ar fáil. Is féidir tuilleadh eolais a iarraidh maidir le do sheoladh baile a chomhlánú nó is féidir a fháil amach cén cruthúnas ar sheoladh baile a d'fhéadfaí a iarraidh. Cliceáil anseo le haghaidh cúnaimh.

| | |
|---|---|
| Ainm an Tí: | |
| Uimhir an Tí: | |
| Líne 1 den Seoladh: | |
| Líne 2 den Seoladh: | |
| Líne 3 den Seoladh: | |
| Líne 4 den Seoladh: | |
| Ceantar nó Baile: | |
| Contae: | |
| Éirchód: | |

**Tabhair faoi deara go bhféadfadh HEAR teagmháil a dhéanamh leat agus iarraidh ort cruthúnas ar an seoladh baile seo a chur ar fáil. Ní gá duit é seo a chur ar fáil sa chás go ndéanfadh HEAR teagmháil leat chun é a fháil uait. Má iarrtar ort cruthúnas ar an seoladh baile seo a chur ar fáil, glacfaidh HEAR le haon cheann de na doiciméid seo a leanas mar chruthúnas ar do sheoladh baile:**

- Bille fóntais (bille gáis, leictreachais, teileafóin, fóin póca).
- Litir ó ghnólachtaí árachais tí nó cairr.
- Ráiteas ó Bhanc, ó Chumann Foirgníochta, ó Chomhar Creidmheasa, ó Ghnólacht Cárta Creidmheasa.
- Comhfhreagras ó Roinn Rialtais, ó Údarás Áitiúil nó ó na Coimisinéirí Ioncaim.
- Comhfhreagras ón FSS.

# Cuid 2: Scoil Dara Leibhéal

Úsáidtear an t-eolas sin lena fháil amach má d'fhreastail tú ar scoil DEIS (Comhionannas Deiseanna ar a Sheachadadh i Scoileanna) ar feadh 5 bliana nó os a chionn sin le linn duit a bheith i mbun oideachas dara leibhéal. Chuir an Roinn Oideachais liosta na scoileanna DEIS le chéile. Chun measúnú a dhéanamh ar d'iarratas, iarrann HEAR do chead chun teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an Roinn Oideachais chun do thinreamh i scoil(eanna) DEIS a fhíorú. Caithfidh tú d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí a chur isteach chun é sin a dhéanamh. Mura féidir leis an Roinn Oideachais d'eolas a fhíorú, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ort cáipéisíocht a chur ar fáil ó do mheánscoil(eanna) le sonraí do fhreastail ar scoil DEIS.

## Cuid 2: Scoil Dara Leibhéal

Úsáid na roghchláir anuas chun an contae a ndeachaigh tú chuig scoil dara leibhéal ann a roghnú agus cén scoil dara leibhéal a d'fhreastail tú uirthi. Mura bhfuil do scoil ar an liosta roghnaigh: Níl mo Scoil ar an Liosta. Cliceáil anseo le haghaidh cúnaimh.

Roghnaigh Contae | Scoil DEIS

**Scoil Roghnaithe:**

Coláiste Marian, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4 | Líon blianta freastail: 5 | Bain scoil

Más rud é gur fhreastail tú ar níos mó ná scoil dara leibhéal amháin, úsáid na roghchláir anuas chun sonraí do scoileanna roimhe sin a chur isteach. Más rud é go bhfuil an scoil ar fhreastail tú uirthi roimhe sin lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, roghnaigh: Scoil lasmuigh de Phoblacht na hÉireann.

Roghnaigh Contae | Scoil DEIS

**Scoil Roghnaithe:**

Breifne College, Cootehill Rd., Cavan | Líon blianta freastail: 1 | Bain scoil

Fíoraíonn HEAR do thinreamh leis an Roinn Oideachais. Chun é sin a dhéanamh ní mór duit d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí a chur isteach sa bhosca thíos. Mura féidir leis an Roinn Oideachais do thinreamh ag an scoil/na scoileanna atá roghnaithe thuas a fhíorú, déanfaidh HEAR teagmháil leat chun cruthúnas eile a lorg chun tinreamh a dheimhniú.

Cuir isteach d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí:

Tugaimse cead do HEAR chun é a fhíorú go díreach leis an Roinn Oideachais ach m'Uimhir PSP a chur isteach thuas.

- Seiceáil ainm oifigiúil do scoile.
- Más rud é go raibh an scoil ar fhreastail tú uirthi roimhe sin lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, roghnaigh: Scoil taobh Amuigh de Phoblacht na hÉireann.
- Má d'fhreastail tú ar níos mó ná scoil dara leibhéal amháin, cuir isteach na sonraí a bhaineann leis an scoil dara leibhéal/leis na scoileanna dara leibhéal ar fhreastail tú uirthi/orthu roimhe sin.

# Cuid 3: Cárta Liachta/Cárta Cuairte DG

Chun measúnú a dhéanamh ar d'iarratas, iarrann HEAR cead teagmháil a dhéanamh leis an FSS go díreach lena dheimhniú go bhfuil cárta leighis nó cárta cuairte dochtúra agat nó ag do thuismitheoir(í) nó ag do chaomhnóir(í) atá bailí ar an 31 Nollaig 2025. Is féidir leat an t-eolas fút féin nó faoi do thuismitheoir(í) agus faoi do chaomhnóir(í) a thabhairt dúinn. Más rud é go bhfuil cárta leighis i d'ainm féin agat, ba cheart duit d'uimhir PSP féin a chur isteach sa bhosca.

Mura bhfuil cárta leighis/cárta cuairte DG agat i d'ainm féin ach tá ag do thuismitheoir/ag do chaomhnóir, ba cheart duit a (h)ainm a chur isteach mar aon lena d(h)áta breithe agus a (h) uimhir PSP sa bhosca thíos. Cuimhnigh chun d'uimhir PSP féin a chur isteach freisin.

## Cuid 3: Cárta Liachta/Cárta Cuairte DG

| | |
|---|---|
| An bhfuil cárta leighis/cárta cuairte DG ó FSS agat nó ag do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) atá bailí ar an 31 Nollaig 2025? | Tá ◯ Níl ◯ |
| Cuir isteach d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí: | |
| Tá cárta leighis/cárta cuairte DG agam atá bailí ar na 31 Nollaig 2025. Tá sé fíor go dtugaimse cead do HEAR chun an ráiteas thuas a fhíorú go díreach leis an Roinn Oideachais agus Scileanna ach tic a chur le 'Tá' agus m'Uimhir PSP a chur isteach thuas. | Tá ◯ Níl ◯ |
| Tá cárta leighis/cárta cuairte DG ag mo thuismitheoir/chaomhnóir atá bailí ar an 31 Nollaig 2025. Tá sé fíor go dtugaimid cead do HEAR chun an ráiteas thuas a fhíorú go díreach leis an FSS ach eolas mo thuismitheoir(í) nó mo chaomhnóir(í) a chur isteach thíos chomh maith le m'uimhir PSP thuas. | Tá ◯ Níl ◯ |
| Ainm do Thuismitheora/do Chaomhnóra: | |
| Dáta Breithe do Thuismitheora/do Chaomhnóra: | (Bliain/Mí/Lá) |
| Uimhir PSP do Thuismitheora/do Chaomhnóra: | |

# Cuid 4.1: Iarratasóirí ar bhfuil Taithí ar Chúram Acu/Tusla

Is páistí altrama nó páistí dealaithe iad roinnt iarratasóirí agus/nó atá faoi chúram TUSLA (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach). Freagair an cheist thíos lena chur in iúl go bhfuil tú, nó go raibh tú, faoi chúram.

## Cuid 4.1: Iarratasóirí HEAR a bhfuil Taithí ar Chúram Acu

| | |
|---|---|
| An bhfuil tú faoi Chúram an Stáit/Tusla faoi láthair nó an bhfuil sé fíor go raibh tú faoi chúram an Stáit/FSS roimhe seo? | Tá ◯ Níl ◯ |

Má d'fhreagair tú '**Níl**', lean ar aghaidh chuig an gcéad chuid eile den lámhleabhar.

Má d'fhreagair tú '**Tá**', ní gá duit Codanna 5-6 a chomhlánú ach caithfidh tú an méid seo a leanas a chur ar fáil: litir ó Tusla ar stáiseanóireacht cheannchlóite Tusla ina sonraítear an dáta ar ar tugadh isteach faoi chúram thú.

**Is ionann páiste altrama agus páiste ar bith a dtugann duine eile aire dó nach tuismitheoir é ar leis an páiste, ag ordú cúirte nó Tusla, gan an duine sin ag uchtú an pháiste.**

**Is ionann páiste dealaithe agus páiste ar bith faoi 18 mbliana d'aois atá lasmuigh dá t(h)ír thionscnaimh agus a scaradh ón mbeirt tuismitheoirí nó óna c(h)úram príomhúil dlíthiúil a bhí ag an bpáiste roimhe sin.**

Is féidir leat an litir Tusla a fháil ó d'oibrí sóisialta nó ó d'oibrí tionscadail. Féach **www.tusla.ie** nó cuir glaoch ar **01-7718500** má tá ceist ar bith agat. Féach **www.accesscollege.ie/hear-supportingdocuments** le sampla den litir seo a fheiceáil chomh maith le heolas breise.



# Cuid 4.2 and 4.3: Baill den Lucht Siúil agus den Phobal Romach

## Cé dó an chuid seo?

Tá an chuid seo dírithe ar **iarratasóirí HEAR ar mian leo go nglacfaí leo mar bhall den Lucht Siúil nó den Phobal Romach ina n-iarratas HEAR**. Mura bhfuil tú mar bhall de cheachtar den dá phobal seo, ní bhaineann an chuid seo leat.

**Ní mór d'iarratasóirí ar mian leo go nglacfaí leo mar bhall den Lucht Siúil nó den Phobal Romach 'Tá' a roghnú mar fhreagra ar Cheist 4.2 nó ar Cheist 4.3.**

**Ní cheanglaítear ort a chur in iúl gur ball den Lucht Siúil nó den Phobal Romach thú i d'iarratas HEAR mura mian leat é sin a dhéanamh. Mura gcuireann tú in iúl gur ball den Lucht Siúil nó den Phobal Romach thú ní bheidh HEAR in ann tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil duit trí Stádas Tosaíochta.**

Mura mian leat a chur in iúl gur ball den Lucht Siúil nó den Phobal Romach thú i d'iarratas HEAR, roghnaigh 'Níl' agus lean ar aghaidh chun an chuid eile den fhoirm iarratais HEAR ar líne a chomhlánú.

**Má roghnaigh tú 'Níl',** déanfar measúnú ar d›iarratas HEAR bunaithe ar na critéir HEAR eile agus breithneofar thú d'áiteanna pointí laghdaithe HEAR tríd an ngnáthchomórtas HEAR. Ansin beidh ort fianaise maidir le hioncam teaghlaigh a chur ar fáil i gcomhair 2024 faoin Máirt 10 Márta 2026.

**Má roghnaíonn tú 'Tá',** ní cheanglaítear ort an chuid eile den iarratas HEAR ar líne a chomhlánú agus beidh ort Litir Theistiméireachta Scoile nó Pobail a chur ar fáil faoin Máirt 10 Márta 2026. Breithneofar d'iarratas d'áiteanna pointí laghdaithe tosaíochta HEAR.

- **Comhlíon an t-iarratas ar líne:** Freagair 'Tá' ar Cheist 4.2 nó 4.3 agus cuir isteach d'iarratas HEAR ar líne faoi 17:00 Dé Domhnaigh 1 Márta 2026.
- **Comhlánaigh an Litir Theistiméireachta Scoile agus Pobail**: seo an litir theistiméireachta do do scoil nó do do ghrúpa pobail chun tacú le d'iarratas ar HEAR.
- **Cuir cáipéisíocht ar fáil: cuir an Litir Theistiméireachta Scoile agus Pobail ar fáil don CAO faoin Máirt 10 Márta 2026.** Féach **www.accesscollege.ie/hear-supportingdocuments** le sampla den litir seo a fheiceáil chomh maith le sonraí breise.

# Cuid 4.4: Iarratasóirí a bhí Gan Dídean

## Cé dó an chuid seo?

Baineann an chuid seo le hiarratasóirí a bhí gan dídean ar feadh tréimhse agus iad san oideachas dara leibhéal idir an 1 Eanáir 2024 agus an 1 Márta 2026. Chun an táscaire seo a chomhlíonadh, ní mór go mbeadh tusa nó an tuismitheoir/an caomhnóir a bhfuil tú ag cónaí leis nó léi cláraithe ar an gCóras Cóiríochta agus Tacaíochta Slí Abhaile (CCTSA). Is ionann CCTSA agus bunachar sonraí ar líne do dhaoine gan dídean a úsáideann na hÚdaráis Áitiúla (ÚÁ) agus na seirbhísí do dhaoine gan dídean ar fad in Éirinn.

## Conas a chabhraíonn HEAR le hIarratasóirí a bhí gan dídean?

Comhlíonfaidh iarratasóirí a bhí gan dídean idir an1 Eanáir 2024 agus an 1 Márta 2026 fad is a bhí siad ag freastal ar oideachas dara leibhéal táscaire HEAR do cheantar faoi mhíbhuntáiste agus bronnfar scór de 2.5 air nó uirthi.

## An fhoirm iarratais ar líne a chomhlíonadh

Chun measúnú a dhéanamh ar d'iarratas, iarrann HEAR cead chun teagmháil a dhéanamh leis an gCóras Cóiríochta agus Tacaíochta Slí Abhaile (PASS) go díreach lena dheimhniú go raibh tú féin nó do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) a gcónaíonn tú leo gan dídean le linn na tréimhse **1 Eanáir 2024 go 1 Márta 2026. Tabhair faoi deara, ionas go mbreithneofaí tú don táscaire seo, ní mór go mbeadh tú féin nó do thuismitheoir nó do chaomhnóir cláraithe mar dhuine gan dídean ar an gcóras CCTSA**.

Tá seans ann nach mbeidh HEAR in ann d'iarratas a fhíorú faoi na critéir seo mura bhfuair tú rochtain ar sheirbhísí gan dídean nó ar chóiríocht éigeandála (e.g. roimh an 1 Eanáir 2024).

## Céard eile atá le déanamh ag iarratasóirí dá n-iarratas HEAR?

- Ní mór d'iarratasóirí a thabhairt le fios gur mian leo go ndéanfaí iad a bhreithniú don chuid seo agus an fhoirm iarratais ar líne HEAR a chomhlánú faoi **17:00 Dé Domhnaigh 1 Márta 2026.**
- Ní mór d'iarratasóirí doiciméid a chur isteach chun a chinntiú go gcomhlíonann siad critéir ioncaim 1 **chun iad a bhreithniú d'incháilitheacht HEAR.**
- Ní mór gach cáipéis tacaíochta a sheoladh chuig an CAO roimh **17:00 Dé Máirt 10 Márta 2026**.



## Cuid 4.4: Iarratasóirí a bhí Gan Dídean

| | |
|---|---|
| **An raibh tú gan dídean i rith na tréimhse idir 1 Eanáir 2024 agus 1 Márta 2026 fad is a bhí tú ag freastal ar oideachas iar-bhunscoile agus an mian leat go ndéanfaí tú a bhreithniú faoin gcatagóir seo?** | **Bhí** ◯<br>**Ní raibh** ◯ |
| Cuir isteach d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí: | |
| Bhí mé gan dídean i rith na tréimhse idir 1 Eanáir 2024 agus 1 Márta 2026 fad is a bhí mé ag freastal ar oideachas iar-bhunscoile. Ba mhaith liom go mbreathnófaí ar m'iarratas faoin gcatagóir seo.<br>Trí thic a chur le 'Ba mhaith' agus m'uimhir PSP a chur isteach tugaim cead do HEAR an ráiteas thuas a fhíorú go díreach le hOifig PASS. | **Ba mhaith** ◯<br>**Níor mhaith** ◯ |
| Bhí mo thuismitheoir/mo chaomhnóir a raibh cónaí orm leis nó léi i rith na tréimhse idir 1 Eanáir 2024 agus 1 Márta 2026 fad is a bhí mé ag freastal ar oideachas iar-bhunscoile.<br>Trí thic a chur le 'Bhí' agus faisnéis mo thuismitheora/mo chaomhnóra agus m'uimhir PSP thuas tabharfaimidcead do HEAR an ráiteas thuas a fhíorú go díreach le hOifig CCTSA. | **Bhí** ◯<br>**Ní raibh** ◯ |
| Ainm do Thuismitheora/do Chaomhnóra: | |
| Dáta Breithe do Thuismitheora/do Chaomhnóra: | (Bliain/Mí/Lá) |
| Uimhir PSP do Thuismitheora/do Chaomhnóra: | |

# Cuid 4.5: Tuismitheoirí Óga

## Cé dó an chuid seo?

Tá an chuid seo dírithe ar dhuine ar tuismitheoir óg é nó í fad is atá sé nó sí páirteach sa chóras oideachais iar-bhunscoile agus a bhfuil íocaíocht sochair linbh á fáil aige nó aici don bhliain 2025. Aithníonn scéim HEAR an tionchar a bhíonn ag leanbh a bheith agat ar do chosán oideachais féin. Tabhair faoi deara gur do dhaoine a fhágann an scoil é HEAR atá faoi **23 bliain d'aois ar an 1 Eanáir 2026**.

## Cé air a bhfuil an chuid seo dírithe?

Sainaithnítear sa chuid seo an t-iarratasóir mar thuismitheoir óg agus, dá bhrí sin, mar ghrúpa tosaíochta do thacaíochtaí spriocdhírithe ar scéim HEAR. Féadfaidh iarratasóirí atá incháilithe faoin gcatagóir seo dul in iomaíocht le haghaidh pointí laghdaithe HEAR in IAOnna rannpháirteacha. Chomh maith leis sin, is féidir leat tairbhe a bhaint as tacaíochtaí nuair a thosaíonn tú ag freastal ar chúrsaí ardoideachais, cosúil le seisiún tionscnaimh, meantóireacht agus acmhainní breise.

## Cé hiad na daoine eile ar gá dóibh an chuid seo a chomhlánú?

- Is gá do thuismitheoir óg Cuid 1 den Fhoirm Iarratais ar Eolas do Thuismitheoir Óg a chomhlánú. Ní mór d'Oifigeach ón Roinn Coimirce Sóisialaí Cuid 2 den fhoirm seo a chomhlánú. Is féidir cóip den fhoirm seo a fháil ar **www.accesscollege.ie/hear-supportingdocuments.** Coinnigh fótachóip di chomh maith le cruthúnas ar phostas. Is ar an iarratasóir atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil an fhoirm seo comhlánaithe i gceart agus seolta ar aghaidh chuig an CAO faoin Máirt 10 Márta 2026.

- **Freagair Cuid 4.5 agus cuir fianaise ar fáil maidir le hioncam teaghlaigh do thuismitheora/ do chaomhnóirí i gcomhair 2024, rud a chiallaíonn gur gá duit fós cáiliú do chritéar 1 ionas gur féidir tú a bhreithniú mar ghrúpa tosaíochta do HEAR.**

## Cé a chomhlánóidh an chuid seo?

Tabhair faoi deara go mbaineann an chuid seo leis an iarratasóir amháin agus **ní le tuismitheoirí/ caomhnóirí** an iarratasóra ar tuismitheoirí óga a bhí iontu féin freisin b'fhéidir.

**Freagair an cheist thíos lena chur in iúl gur Tuismitheoir Óg thú.**

### Cuid 4.5: Tuismitheoirí Óga

Is tuismitheoir mé ón uair a raibh mé ag freastal ar an Iar-bhunscoil agus bhí mé ag fáil Sochair Linbh i rith 2025.


**Má chuireann tú tic sa bhosca sa chuid seo, tá tú curtha in iúl agat féin do scéim HEAR mar Thuismitheoir Óg agus, dá bhrí sin, mar ghrúpa tosaíochta do thacaíochtaí spriocdhírithe ar scéim HEAR.**

**Ní mór go gcomhlíonfadh an t-iarratasóir na critéir ísealioncaim (critéir 1) agus próiseas Fíoraithe an Tuismitheora Óig chun a bhreithniú go bhfuil sé nó sí incháilithe do HEAR.**

Is ea ◯
Ní hea ◯

Mura mbaineann an chuid seo leat, lean ar aghaidh chuig an gcéad chuid eile den lámhleabhar.

Má chuir tú tic sa bhosca seo ní mór duit leagan comhlánaithe den Fhoirm Iarratais ar Eolas do Thuismitheoir Óg a chur ar fáil. Is féidir cóip den fhoirm seo a fháil ar **www.accesscollege.ie/ hear-supportingdocuments.**



## Cuid 5: Cleithiúnaithe Teaghlaigh

Chun do teorainn ioncaim HEAR a chinneadh ní mór dúinn fios a bheith againn ar líon na gcleithiúnaithe i do theaghlach.

### Cuid 5: Cleithiúnaithe Teaghlaigh

Is ionann cleithiúnaí agus aon duine mar seo a leanas i do theaghlach:

- siblín faoi 16 bliana d'aois ar an 1 Deireadh Fómhair 2025.
- siblín os cionn 16 bliana d'aois ar an 1 Deireadh Fómhair 2025 atá:
  - ag freastal ar oideachas iar-bhunscoile.
  - nó ag freastal ar chúrsa lánaimseartha in BOO nó in ardoideachas.
  - nó atá teastasaithe ó thaobh sláinte de mar dhuine nár cheart dó a bheith ag obair.
- tuismitheoir atá ag freastal ar chúrsa lánaimseartha in BOO nó in ardoideachas.

Ná cuir thú féin san áireamh leis an gcuid seo.

Roghnaigh líon

- Cinntigh go gcuirfidh tú san áireamh aon tuismitheoir/chaomhnóir atá ag freastal ar chúrsa lán-aimseartha.
- Ná cuir thú féin san áireamh mar chleithiúnaí.

Cuir isteach ainm gach cleithiúnaí, mar aon lena d(h)áta breithe, agus ainm na scoile nó an choláiste a bhfuil sé/sí ag freastal air (más rud é go bhfuil sé/sí ag freastal ar scoil/ar choláiste)

| Ainm | Dáta Breithe | Scoil/Coláiste a bhfuiltear ag Freastal Air |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

## Cuid 6: Cúinsí Airgeadais Teaghlaigh

Iarrtar ort sa cheist seo insint dúinn cé a chuir le hioncaim do theaghlaigh in 2024. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith mar fhoinsí an ioncaim teaghlaigh:

- Fostaíocht
- Leas Sóisialach
- Pinsin
- Maoin ar Chíos
- Feirmeoireacht

## Cuid 6.1: Cé a chuir le hioncam do teaghlaigh in 2024?

**Comhlánaigh cuid 6 le do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í). Má chuireann tú isteach eolas míchruinn sa chuid seo, beidh tionchar aige sin ar thoradh d'Iarratas HEAR.**

Cuir tic leis an duine/na daoine a chuir le hioncam do teaghlaigh in 2024. Más rud é go bhfuil do thuismitheoir(í) chaomhnóir(í) scartha/colscartha ná comhlánaigh ach ioncam an tuismitheora a bhfuil tú in aontíos leis/léi an chuid is mó den am.

### Cuid 6.1: Cúinsí Airgeadais Teaghlaigh

Tabhair faoi deara go mbaineann an chuid seo leis an mbliain 2024 amháin.

Rabhadh: Comhlánaigh Cuid 6 in éineacht le do thuismitheoirí nó le do chaomhnóirí. Má chuireann tú isteach eolas mícheart nó mura dtabharfaidh tú freagra ar gach ceist sa chuid seo, beidh tionchar aige sin ar mheasúnú d'iarratas HEAR.

Roghnaigh na daoine a chuireann le hioncam do theaghlaigh.

✓ Máthair ✓ Athair ☐ Caomhnóir 1 ☐ Caomhnóir 2

Cuir isteach Ainm Iomlán do Mháthar:

Cuir isteach Ainm Iomlán d'Athar:

## Cuid 6.2: Cúinsí Airgeadais Teaghlaigh

Liostaigh na foinsí ioncaim ar fad a fuair do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) in 2024 seachas sochar linbh. Ní mór duit tic a chur le 'bhí/fuair' ná le 'ní raibh/ní bhfuair' i gcás gach cineál ioncaim.

| Cineál Ioncaim | Máthair/ Caomhnóir 1 | Athair/ Caomhnóir 2 | Doiciméad ag Teastáil |
|---|---|---|---|
| An raibh do thuismitheoir/ do chaomhnóir i bhfostaíocht íoctha in 2024 ar bhonn lánaimseartha, páirtaimseartha nó go sealadach? | Bhí ◯<br>Ní raibh ◯ | Bhí ◯<br>Ní raibh ◯ | **Ráiteas Dliteanais le haghaidh 2024** ó na Coimisinéirí Ioncaim.<br>**Féach Leathanach 27** |
| An raibh do thuismitheoir/ chaomhnóir féinfhostaithe, i mbun feirmeoireachta nó ag fáil cíos ó ionaid réadmhaoine in 2024? | Bhí ◯<br>Ní raibh ◯ | Bhí ◯<br>Ní raibh ◯ | **Féin-Mheasúnú - Caibidil 4 i gcomhair 2024** ó na Coimisinéirí Ioncaim nó Litir Díolúine ó Cháin.<br>**Féach Leathanach 27** |
| An bhfuair do thuismitheoir/chaomhnóir aon íocaíocht leasa shóisialaigh in 2024 seachas sochar linbh? | Fuair ◯<br>Ní bhfuair ◯ | Fuair ◯<br>Ní bhfuair ◯ | **Foirm na Roinne Coimirce Sóisialaí (RCS) nó Ráiteas RCS le haghaidh 2024.**<br>**Féach Leathanach 29** |
| An bhfuair do thuismitheoir/do chaomhnóir aon íocaíocht chnapshuime in 2024 óna f(h)ostóir roimhe sin de bharr gur ligeadh chun bealaigh é/í? | Fuair ◯<br>Ní bhfuair ◯ | Fuair ◯<br>Ní bhfuair ◯ | Foirm **RP50** Fógra Iomarcaíochta NÓ Litir ó Fhostóir.<br>**Féach Leathanach 30** |
| An raibh do thuismitheoir/ chaomhnóir ar scoir in 2024? | Bhí ◯<br>Ní raibh ◯ | Bhí ◯<br>Ní raibh ◯ | • **Litir maidir le Cnapshuim Scoir** ó Fhostóir (Leathanach 30) agus/nó<br>• **Ráiteas Dliteanais i gcomhair 2024 / Féin-Mheasúnú - Caibidil 4 i gcomhair 2024** (Leathanach 27) agus/nó<br>• **Foirm na Roinne Coimirce Sóisialaí (RCS) nó Ráiteas RCS le haghaidh 2024.** (Leathanach 29) |

## Cuid 7: Incháilitheacht HEAR a Thabhairt ar Aghaidh ó 2025 go 2026

Ní bhaineann an chuid seo ach le hiarratasóirí a rinne iarratas HEAR agus a bhí incháilithe in 2025 (m.sh. iarratasóirí atá ag tabhairt faoin Ardteistiméireacht an athuair nó atá ag glacadh le cead iontrála a cuireadh siar in 2025).

Tugtar incháilitheacht le haghaidh HEAR ar aghaidh bliain amháin, a fhad is:

- go ndéanann tú iarratas ar an CAO faoin Domhnach 1 Feabhra 2026 ag 17:00 agus go gcuireann tú in iúl gur mhaith leat iarratas a dhéanamh ar HEAR faoin 17:00 Dé Domhnaigh 1 Márta 2026.
- go dtugann tú d'uimhir chruinn iarratais CAO 2025.

Cuireadh toradh d'iarratas HEAR 2025 in iúl duit ar ríomhphost i mí an Mheithimh 2025. Má rinne tú iarratas ar CAO in 2025 agus má mheasadh go raibh tú incháilithe le haghaidh HEAR in 2025, is féidir d'incháilitheacht HEAR a thabhairt ar aghaidh chuig d'iontráil iarratais in 2026. Ní mór duit d'uimhir iarratais CAO 2025 chruinn a chur isteach sa bhosca atá ar fáil. Tá iallach ort fós, gach cuid ábhartha den fhoirm iarratais HEAR 2026 a chomhlánú, ach ní gá duit cáipéisí tacaíochta a chur ar fáil mar chuid de d'iarratas. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an deasc chabhrach CAO má theastaíonn eolas uait faoi d'incháilitheacht HEAR 2025.

Sa gcás go dtairgfí áit HEAR duit in 2026 agus go nglacfá leis an áit, d'fhéadfadh go mbeadh ort na cáipéisí tacaíochta a bhí mar chuid de d'iarratas HEAR a chur ar fáil.

Ní mór duit a bheith níos óige ná 23 bliana d'aois ar an 1 Eanáir 2026 chun incháilitheacht HEAR a thabhairt ar aghaidh ó 2025 go 2026.

**Ná comhlánaigh an chuid seo murar chuir tú isteach ar HEAR in 2025 nó mura raibh tú incháilithe lena aghaidh.**

**Spriocdháta: 1 Feabhra 2026**

**Faoi 17:00** – déan iarratas chuig CAO

**Spriocdháta: 1 Márta 2026**

**Faoi 17:00** – déan iarratas ar HEAR agus comhlánaigh gach cuid den fhoirm

**Cuir isteach uimhir iarratais CAO 2025 faoi Chuid 7 más cuí incháilithe do HEAR in 2025**

# Cuid na gCáipéisí Tacaíochta

## Seicliosta na gCáipéisí Tacaíochta

Tá tuilleadh eolais ar **www.accesscollege.ie** maidir leis na cineálacha cáipéisí a chaithfeá a chur ar fáil. Tá cáipéisí agus litreacha samplacha ar fáil ar **www.accesscollege.ie/hear-supporting documents.**

Téigh siar ar gach ceist ar an bhfoirm ar líne agus tabhair freagra dearfach nó diúltach ar gach ceann acu. Sa chás gurb é 'Tá' an freagra a roghnaíonn tú, seiceáil an colún dar teideal "Doiciméad Riachtanach". Gheobhaidh tú amach anseo cé na doiciméid a chaithfidh tú a sheoladh chuig an CAO faoin Máirt 10 Márta 2026.

Má chuir tú ioncam in iúl ó do bheirt tuismitheoirí, ní mór duit cáipéisí a chur isteach ina sonraítear ainmneacha na beirte. Teastaíonn cruthúnas ar ioncam iomlán bliana ó HEAR le haghaidh 2024 (.i. 52 seachtain).

## An chaoi chun cáipéisí tacaíochta a iarraidh ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Más rud é go bhfuair do thuismitheoir(í)/do chaomhnóir(í) ioncam ó fhostaíocht, ó fhéinfhostaíocht, ó thalamh, ó fheirmeoireacht nó ó chíos ó ionaid réadmhaoine ar cíos:

- Ní mór duit Ráiteas Dliteanais nó Féin-Mheasúnú – Caibidil 4 do do thuismitheoir(í)/ chaomhnóir(í) a chur isteach le haghaidh 2024.
- Más rud é go bhfuil siad díolmhaithe ó cháin a íoc, cuir litir díolúine cánach ar fáil ó na Coimisinéirí Ioncaim.
- Cuir doiciméid ar fáil don bheirt tuismitheoir(í)/chaomhnóir(í). Má dhéantar cóimheasúnú orthu is leor doiciméad amháin.
- Cuir isteach gach leathanach de Ráiteas Dliteanais lena náirítear tosach agus cúl. Mura gcuirtear isteach ach leathanach amháin, ní féidir measúnú a dhéanamh air.
- Sa chás go gcuireann tú isteach Féin-Mheasúnú Caibidil 4 nó Fógra Measúnaithe, tá gach leathanach ag teastáil.

## Céard é Ráiteas Dliteanais?

Is é Ráiteas Dliteanais an t-ainm nua a thugtar ar an ráiteas Ioncaim a dtugtaí P21 air san aimsir a caitheadh. Is ionann Ráiteas Dliteanais agus ráiteas d'ioncam iomlán, creidmheas cánach agus cáin a íocadh le haghaidh bliain chánach ar leith do dhaoine i bhfostaíocht íoctha a íocann a gcáin ioncaim ar fad faoi ÍMAT (Íoc mar a Thuillir). Ní fhaigheann tú Ráiteas Dliteanais go huathoibríoch ó na Coimisinéirí Ioncaim; ní mór duit an doiciméad sin a iarraidh.

**Ní ghlacfar le hAchoimre ar Shonraí Fostaíochta.**

Iarr do Ráiteas Dliteanais ar líne ag www.revenue.ie

## Cén chaoi a n-iarrfaidh mé Ráiteas Dliteanais le haghaidh 2024?

Is é an bealach is sciobtha agus is éasca do do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) a Ráiteas Dliteanais a fháil ná trí chliceáil ar an nasc myAccount ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim ag **www.revenue.ie**. Tá próiseas clárúcháin simplí ann agus eiseofar PIN tríd an bpost faoi cheann 5-8 lá oibre. Ba cheart do do thuismitheoir/chaomhnóir logáil isteach ach an PIN seo a úsáid agus an Ráiteas Dliteanais a iarraidh. Má rinne do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) cinneadh chun comhfhreagras a fháil go leictreonach, beidh an Ráiteas Dliteanais ar fáil trí chliceáil ar an táb mo Chuid Doiciméad, é sin nó seolfar an Ráiteas Dliteanais chucu tríd an bpost.

D'fhéadfadh do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) Ráiteas Dliteanais a iarraidh freisin ach Tuairisceán Cánach Ioncaim a chur isteach ar pháipéar.

## Céard é Féin-Mheasúnú – Caibidil 4?

Cuimsítear le Féin-Mheasúnú – Caibidil 4 ráiteas d'ioncam nó de bhrabús iomlán, cáin inmhuirir agus cáin íoctha le haghaidh bliain chánach ar leith do dhaoine atá féinfhostaithe, ar stiúrthóirí iad, agus/nó atá ag fáil ioncaim de chineál ar bith sa chás nach féidir cuid den cháin nó nach féidir an cháin ar fad a bhailiú faoin gcóras ÍMAT. Ná cuir isteach Foirm 11 de bharr nach doiciméad riachtanach é seo agus ní ghlacfar leis.

## Cén gcaoi a n-iarrfaidh mé Féin-Mheasúnú – Caibidil 4 le haghaidh 2024?

Beidh Féin-Mheasúnú – Caibidil 4 i mbosca isteach Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) de chuid do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) tar éis dóibh an féin-mheasúnú le haghaidh 2024 a chomhlánú agus a sheoladh ar ais.

## Céard a dhéanfaidh mé mura féidir le mo thuismitheoir(í)/ chaomhnóir(í) doiciméad Féin-Mheasúnaithe – Caibidil 4?

Eiseofar na Coimisinéirí Ioncaim Fógra ar Mheasúnú - Caibidil 4 chuig tuismitheoir(í)/ caomhnóir(í) a sheolfaidh tuairisceán cánach páipéir chuig an Coimisinéirí Ioncaim agus ní dhéanfaidh siad féin-mheasúnú nuair a thiocfaidh an tuairisceán ar ais chucu. Faigheann formhór an gcustaiméirí féinfhostaithe Ioncaim Féin-Mheasúnú – Caibidil 4.

## Céard a dhéanfaidh mé más rud é go bhfuil 'Fógra ar Mheasúnú Leasaithe (Caibidil 4) nó 'Fógra ar Mheasúnú Leasaithe (Caibidil 5) le haghaidh 2024' ag mo thuismitheoir(í)/ chaomhnóir(í)?

Más rud é go bhfuil 'Fógra ar Mheasúnú Leasaithe – Caibidil 4 nó 'Fógra ar Mheasúnú Leasaithe – Caibidil5 le haghaidh 2024' – ó na Coimisinéirí Ioncaim, ba cheart duit an cháipéis sin a sheoladh chuig an CAO. Sa chás go bhfaightear 'Fógra ar Mheasúnú Leasaithe – Caibidil 4 nó 'Fógra ar Mheasúnú Leasaithe – Caibidil 5 le haghaidh 2024, nó beidh Féin-Mheasúnú ag teastáil ó HEAR – Caibidil 4 ná Fógra ar Mheasúnú – Caibidil 4 ach an oiread.

## Cá fhad a thógfaidh sé ar na Coimisinéirí Ioncaim Ráiteas Dliteanais nó Féin-Mheasúnú – Caibidil 4 a eisiúint?

Tá sé riachtanach go gcuireann tú Ráiteas Dliteanais ar fáil go luath. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé roinnt seachtainí Ráitis Dliteanais a eisiúint. Mura bhfuil Féin-Mheasúnú – Caibidil 4 ag do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) (nó Fógra Measúnaithe) le haghaidh 2024 ní mór dóibh a dTuairisceán Cánach agus a bhFéin-Mheasúnú le haghaidh 2024 a chomhlánú ar ROS a luaithe agus is féidir.

Más rud é go raibh tuismitheoir/ caomhnóir amháin ÍMAT agus go raibh tuismitheoir/ caomhnóir féinfhostaithe, cén cháipéis a chuirfidh mé isteach?

- **Féin-Mheasúnú – Caibidil 4** le haghaidh 2024 más rud é go measúnaíonn na Coimisinéirí Ioncaim an bheirt tuismitheoirí/chaomhnóirí ag an am céanna.
  **NÓ**
- **Ráiteas Dliteanais le haghaidh 2024 agus Féin-Mheasúnú** – Caibidil 4 le haghaidh 2024 más rud é go measúnaíonn na Coimisinéirí Ioncaim na tuismitheoirí/caomhnóirí astu féin.

## Céard a dhéanfaidh mé más rud é gur shaothraigh mo thuismitheoir(í)/ chaomhnóir(í) ioncam ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann in 2024?

Iarrann HEAR go gcuirfidh tú a gcomhionann de cháipéisí tacaíochta ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh na bliana cánach ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024.

Féach **www.accesscollege.ie** le haghaidh tuilleadh sonraí.

Tá aistriúchán teastasaithe Béarla le seirbhís aistriúcháin ghairmiúil ag teastáil i gcás cáipéisí nár eisíodh i mBéarla ná i nGaeilge ó thús, chomh maith leis na fótachóip theastasaithe A4 de na cáipéisí iad féin.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le ball den fhoireann HEAR chun tuilleadh eolais a fháil. Tá sonraí teagmhála liostaithe ar leathanach 3 den lámhleabhar seo.

## Céard a dhéanfaidh mé má rud é go bhfuil mo thuismitheoir/chaomhnóir féinfhostaithe agus go bhfuil sé/sí ag fáil íocaíocht Leasa Shóisialaigh?

Cuir isteach cóip den Fhéin-Mheasúnaithe – Caibidil 4 le haghaidh 2024, maraon le foirm na Roinne Coimirce Sóisialaí nó ráiteas le haghaidh 2024 mar a leagtar amach ar leathanach 27.

**Ná cuir isteach bunchóipeanna de dhoiciméid. Ní sheolfaidh CAO doiciméid ar ais. Seol fótachóipeanna ardchaighdeáin lena náirítear an tosach agus an cúl de na leathanaigh ar fad**

## Cén chaoi a gcomhlánóidh mé foirm nó ráiteas na Roinne Coimirce Sóisialaí (RCS)?

Más rud é go bhfuair do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) ioncam ón RCS sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, ní mór duit na ceithre phíosa eolais seo a leanas a chur ar fáil ón RCS:

- Líon iomlán an leasa shóisialaigh a fuarthas in 2024.
- Ainm an duine/na daoine a fhaigheann an íocaíocht.
- Ainm na híocaíochta/na n-íocaíochtaí a fuarthas.
- An dáta ar ar thosaigh an íocaíocht agus an dáta ar ar stop an íocaíocht (más ábhartha). **Tá an fhoirm RCS san áireamh ag cúl an lámhleabhair seo** nó is féidir leat í a íoslódáil ó d'Iarratas HEAR ar líne.

Iarr ar do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) a rá leis an Oifig áitiúil RCS d'Fhoirm RCS a Chomhlánú, a Shíniú agus a Stampáil. Mar rogha eile is féidir le do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) cóip dá ráiteas íocaíochta RCS a iarraidh ar líne ag **www.welfare.ie.**

Is féidir leat an fhoirm RCS nó ráiteas ón RCS a chur isteach. Ná dearmad go dteastaíonn cruthúnas ar ioncam iomlán bliana ó HEAR le haghaidh 2024 (.i. 52 seachtain). D'fhéadfadh go mbeadh ar roinnt iarratasóirí, ag HEARth ar chúinsí a dtuismitheoir(í)/ gcaomhnóir(í) in 2024, cáipéisí ioncaim agus/nó cruthúnas ar ioncam eile a chur isteach chomh maith le cruthúnas ar ioncam RCS.

**Treoracha Tábhachtacha**

- Is féidir leat d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil a aimsiú ag www.welfare.ie.
- Má chailleann tú d'fhoirm is féidir leat í a íoslódáil arís ó d'iarratas HEAR ar líne nó é a fháil ag www.accesscollege.ie/hear-supportingdocuments. Tá sé de fhreagracht ortsa a chinntiú go bhfuil gach foirm sínte, stampáilte agus comhlánaithe leis an eolas cruinn ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

# Íocaíochtaí Cnapshuime Iomarcaíochta/Scoir

Más rud é go bhfuair do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) aon íocaíocht chnapshuime in 2024 óna (h)iar-fhostóir de bharr gur ligeadh chun bealaigh é/í nó de bharr go ndeachaigh sé/sí ar scor tar éis a bheith fostaithe, caithfear na cáipéisí seo a leanas a chur isteach:

- Gach leathanach den Fhoirm RP50 Fógra ar Iomarcaíocht, **NÓ**
- Litir ón bhfostóir deiridh a bhí ag do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) nó ón gcomhlacht a dhéanann riarachán ar phinsean ag léiriú:
  - An dáta ar ar stop an fhostaíocht.
  - Méid comhlán na cnapshuime a fuarthas sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024.
  - Líon blianta san fhostaíocht sin.
  - Pinsean comhlán bliantúil.
- Tá cáipéisí agus litreacha samplacha ar fáil ar **www.accesscollege.ie/hear-supportingdocuments**.

# Cáipéisíocht Tacaíochta do Ghrúpaí Tosaíochta HEAR:

## Iarratasoírí ón Lucht Siúil agus ón bPobal Romach

Ba cheart d'iarratasóirí a aithníonn iad féin mar bhaill den Lucht Siúil nó den Phobal Romach Litir Theistiméireachta Scoile nó Pobail a chur isteach. Litir ghairid í seo a scríobhann ionadaí ón scoil nó ón ngrúpa pobail a raibh baint phearsanta aige/aici le múineadh an iarratasóra, le seirbhísí a chur ar fáil dóibh nó le hoibriú in éineacht leo. Ba cheart go mbeadh an litir ar pháipéar ceannchlóite oifigiúil (de chuid na scoile nó na heagraíochta pobail). Ní mór don litir theistiméireachta seo a bheith sínithe agus dátaithe ag an té a chuireann ar fáil í. Tá litir shamplach ar fáil ag **www.accesscollege.ie/hear-supportingdocuments.**

## Iarratasóirí ar bhfuil Taithí ar Chúram Acu

Má tá taithí agat ar chúram - is é sin go raibh tú faoi chúram an Stáit, FSS nó Tusla nó gur úsáid tú a gcuid seirbhísí-ní mór duit cáipéisíocht a chur ar fáil le do thaithí ar chúram a dheimhniú. Caithfidh tú litir a chur isteach ó Tusla ag deimhniú go bhfuil taithí agat ar chúram. Caithfidh an litir seo a bheith ar pháipéar ceannchlóite oifigiúil Tusla, í dátaithe agus sínithe ag an mball ábhartha foirne agus deimhniú inti ar do stádas cúraim agus an cineál cúraim a fuarthas.

## Iarratasóirí ar Tuismitheoirí Óga iad

Le hiarratas a dhéanamh faoin gcatagóir seo, ní mór duit an Fhoirm Iarratais ar Fhaisnéis do Thuismitheoir Óg ón Roinn Coimirce Sóisialaí a chomhlánú. Is iad na hiarratasóirí féin a líonann Cuid 1 den fhoirm, agus caithfidh Cuid 2 a bheith sínithe agus stampáilte ag oifigeach de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí ag d'oifig áitiúil Intreo. Cuir isteach an fhoirm chomhlánaithe mar chuid de do cháipéisíocht tacaíochta.

Cuir isteach na doiciméid ar fad chuig an CAO faoin Máirt 10 Márta 2026. Coinnigh na buncháipéisí agus seol cóipeanna soiléire isteach. Tá cáipéisí agus litreacha samplacha ar fáil ó **www.accesscollege.ie/hear-supportingdocuments.**

# Téarmaí agus Coinníollacha Iarratais le haghaidh HEAR

**Má chliceálann tú 'TÁ', go bhfuil tú ag iarraidh go ndéanfaí machnamh ort le haghaidh HEAR, ciallaíonn sé sin chomh maith gur léigh tú agus go nglacann tú le Téarmaí agus Coinníollacha HEAR.**

**Chun iarratas a dhéanamh ar HEAR ní mór duit aontú le téarmaí agus coinníollacha HEAR thíos:**

**Deimhním gur léigh mé na téarmaí agus coinníollacha agus go nglacaimse leo de réir mar atá siad leagtha amach ach 'tá' a chliceáil. Toilím gur féidir mo chuid sonraí a úsáid mar a shonraítear i dtéarmaí agus coinníollacha HEAR.**

1. Tá rialacha agus ceanglais an iarratais, atá sonraithe i Lámhleabhar Iarratais HEAR, léite agam, tuigim iad agus tá sé beartaithe agam iad a chomhlíonadh.

2. Tuigim go bhfuil freagracht ormsa (seachas ar mo thuismitheoirí, mo chaomhnóirí, mo mhúinteoirí nó duine ar bith eile) a chinntiú go bhfuil gach cuid de m'iarratas HEAR á gcur isteach ar bhealach iomlán agus cruinn, laistigh de spriocdhátaí sonraithe HEAR. Mura ndéantar amhlaidh, beidh tionchar diúltach aige sin ar m'iarratas HEAR.

3. Tuigim an méid seo a leanas:
    a. breathnófar ar eolas a chuirtear ar fáil ar m'fhoirm iarratais HEAR faoin 1 Márta 2026,
    b. ar cháipéisíocht a fuair an CAO faoin Máirt 10 Márta 2026 agus, nuair is cuí,
    c. ar aon cháipéisíocht bhreise a iarrann HEAR laistigh den sprioc-am a shonraítear,
    d. agus ar aon eolas eile a mheasann HEAR a bheith ábhartha, agus toradh m'iarratas HEAR á mheas.

4. Ní ghlacfaidh an CAO ná na hinstitiúidí HEAR rannpháirteacha aon fhreagracht as aon chaillteanas ná cruatan a thagann chun cinn de bharr gur theip ar an iarratasóir eolas iomlán agus cruinn ag an am cuí.

5. Tuigim go bhféadfadh an fhaisnéis ar fad a chuirim ar fáil mar chuid de m'iarratas HEAR a bheith faoi réir fíoraithe nó soiléirithe agus gur féidir le HEAR doiciméid bhreise a lorg uaim i ndáil le haon ghné de m'iarratas. Mura n-éiríonn liom doiciméid bhreise a chur ar fáil laistigh de na spriocdhátaí sonraithe ní bheidh mé incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar HEAR.

6. Tuigim go n-úsáideann HEAR eolas maidir le do sheoladh baile lena dheimhniú an bhfuil cónaí orm i gceantar uirbeach nó tuaithe atá faoi mhíbhuntáiste agus gur féidir le HEAR teagmháil a dhéanamh liom agus iarraidh orm cruthúnas ar an seoladh baile a chur ar fáil. Mura gcuirfear cruthúnas ar sheoladh baile ar fáil laistigh den spriocdháta sonraithe, ciallóidh sé sin nach mbronnfar an táscaire Phróifíl Ceantair HEAR orm.

7. Tuigim, má thug mé le fios ar m'fhoirm iarratais HEAR gur fhreastail mé ar Scoil Chomhionannais Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS) i gcomhair tréimhse níos faide ná 5 bliana de m'oideachas dara leibhéal, go bhfíoróidh HEAR an fhaisnéis seo leis an Roinn Oideachais bunaithe go díreach ar an uimhir PSP a cuireadh ar fáil i gCuid 2 de m'fhoirm iarratais. Mura féidir leis an Roinn Oideachais m'fhaisnéis a fhíorú, tuigim go n-iarrfar orm doiciméid a sholáthar ó mo mheánscoil(eanna) ar a mbeidh eolas maidir le mo thinreamh ar scoil DEIS. Má theipeann orm fíorú ó mo scoil(eanna) a chur ar fáil laistigh den spriocdháta sonraithe ní bhronnfar táscaire Scoil DEIS HEAR orm.

8. Tuigim, má thug mé le fios ar m'fhoirm iarratais HEAR go bhfuil Cárta Leighis/Cárta Cuairte Dochtúra agam féin nó ag mo thuismitheoirí/mo chaomhnóirí a mbeidh dáta bailí air ar an 31 Nollaig 2025 agus má chuir mé m'uimhir/a n-uimhreacha PSP ar fáil, go gcaithfear an méid sin a fhíorú go díreach le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Má chuirim uimhir/uimhreacha PSP míchruinne nó neamhiomlána ar fáil tuigim go gciallóidh sé sin nach mbronnfar táscaire an Chárta Leighis orm.

9. Tuigim, má ghlacaim le háit HEAR, gur coinníoll den ghlacadh sin é nach mór dom freastal ar Chlár Seisiúin Tionscnaimh HEAR san institiúid ardoideachais inar ghlac mé leis an áit. Má theipeann orm freastal ar an gClár sin gan cead a fháil roimh ré ón Oifig Rochtana nó ó oifig ábhartha eile san institiúid ardoideachais sin tuigim go bhféadfaí m'áit HEAR a aistarraingt nó go bhféadfaí tacaíochtaí iontrála féideartha eile a aistarraingt i ndiaidh iontrála (e.g. tacaíochtaí airgeadais).

10. Tuigim go n-úsáidfear sonraí atá le fáil i m'iarratas HEAR chun críocha taighde agus anailíse a bheidh á ndéanamh ag IAOnna, gníomhairí atá ag feidhmiú thar ceann IAOnna nó an CAO, ach go mbeidh na sonraí sin anaithnidithe agus nach mbeidh aon chuid de mo shonraí pearsanta inaitheanta má fhoilsítear a leithéid.

11. Sa chás go gcinntear go bhfuil bréagdhearbhuithe déanta agam, nó sa chás go gcinntear go bhfuil bréagdhearbhuithe déanta ag duine éigin eile mar chuid de m'iarratas HEAR, tuigim nach mbeidh mé incháilithe chun páirt a ghlacadh in HEAR. Chomh maith leis sin, tuigim go gcoimeádann na hinstitiúidí ardoideachais HEAR an ceart gan m'iarratas a bhreithniú, agus/nó aon tairiscint ar áiteanna a chealú sa chás go gcinntear, i rith nó i ndiaidh iontrála ar chúrsa ardoideachais, gur cuireadh faisnéis fhalsa nó mhíthreorach ar fáil i m'iarratas HEAR.

12. Deimhním go bhfuil an fhaisnéis ar fad atá curtha ar fáil agam i m'iarratas HEAR cruinn agus fíor.

# Chéad Chéimeanna Eile sa Phróiseas Iarratais

| | |
|---|---|
| **Chomhlánaigh mé m'iarratas HEAR ar líne agus chuir mé isteach na doiciméid tacaíochta, céard a tharlóidh anois?** | Tar éis deireadh teacht leis an Ardteistiméireacht go deireanach i mí Meithimh 2026, gheobhaidh tú fógra ó HEAR agus gheobhaidh tú amach faoi thoradh d'iarratas HEAR agus más rud é go bhfuil tú incháilithe le go ndéanfar machnamh ort le haghaidh áit HEAR. Is féidir leat féachaint ar thoradh d'iarratas HEAR trí logáil isteach chuig do chuntas CAO faoin gcuid 'M'Iarratas' ar **www.cao.ie** |
| **Céard a tharlóidh más rud é go bhfuil mé incháilithe le haghaidh HEAR?** | Má tá tú incháilithe le haghaidh HEAR, beidh tú san iomaíocht anois le haghaidh ceann de na háiteanna curtha in áirithe atá á dtairiscint sna coláistí rannpháirteacha. Má bhíonn rath ort gheobhaidh tú tairiscint le haghaidh chúrsa HEAR tríd an CAO nuair a fhaigheann siad torthaí d'Ardteistiméireachta i mí Lúnasa 2026. Ní mor duit na bunriachtanais iontrála agus chúrsa ionas go ndéanfar machnamh ort le haghaidh áit HEAR. Is féidir sonraí a fháil faoi na háiteanna atá ar fáil agus faoi na bunriachtanais le haghaidh do chúrsa ar **www.accesscollege.ie** |
| **Céard a tharlóidh má fhaighim tairiscint HEAR?** | Má éiríonn leat, cuirfidh an CAO agus an coláiste nó an ollscoil a thugann an tairiscint HEAR duit an méid sin in iúl duit. Glac le d'áit trí CAO agus tríd an gcoláiste nó tríd an ollscoil. Má ghlacann tú le háit ní mór duit freastal ar an gclár ionduchtaithe riachtanach roimh an gcéad téarma. Is féidir sonraí maidir leis na dátaí ionduchtaithe a fháil ar **www.accesscollege.ie** |
| **Céard a tharlóidh más rud é go bhfuil mé neamh-incháilithe le haghaidh HEAR?** | Má tá tú neamh-incháilithe le haghaidh HEAR, fágann sé sin nach féidir leat dul san iomaíocht le haghaidh ceann de na háiteanna pointí laghdaithe. Bíonn na hiarratasóirí neamh-incháilithe de bhar nach gcomhlíonann siad critéir nó teipeann orthu téarmaí agus coinníollacha an iarratais a chomhlíonadh. Ní bheidh tionchar aige sin ar aon iarratas a rinne tú le haghaidh cúrsaí tríd an CAO. I bhfocail eile, d'fhéadfaí áit a thairiscint duit i gcónaí ar chúrsa má chomhlíonann tú na riachtanas iontrála. Ní bheidh tionchar aige sin ar aon iarratas a dhéanfaidh tú chuig Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) le haghaidh deontas cothaithe. |
| **Tá mé neamh-incháilithe, an féidir liom athbhreithniú a iarraidh ar m'iarratas?** | Úsáideann HEAR próiseas Athbhreithnithe agus Achomharc lena chinntiú go gcaitear le gach iarratasóir HEAR go cothrom agus gur cuireadh na nósanna imeachta measúnaithe i bhfeidhm go comhsheasmhach. Tá tuilleadh eolais faoin bpróiseas Athbhreithnithe agus Achomharc ar fáil ag **www.accesscollege.ie/hear/reviews-and-appeals** |
| **Polasaí HEAR maidir le Comhfhreagras** | Ní phléifear i gcás HEAR d'iarratais ach amháin leatsa agus le do thuismitheoir(í)/do chaomhnóir(í) nó duine a d'ainmnigh tú féin. Ní chuirfear san áireamh aon chomhfhreagras nár iarradh ó thríú páirtí. |

HEAR HIGHER EDUCATION ACCESS ROUTE

# Iarratas ar Fhaisnéis ón Roinn Coimirce Sóisialaí

D'úsáid Oifig CAO Amháin

**Ní mór do do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) Cuid 2 a chomhlánú agus an fhoirm seo a chur isteach chuig a nIonad RCS Intreo áitiúil. Coinnigh fótachóip di chomh maith le cruthúnas ar phostas. Cuir isteach na doiciméid ar fad chuig an CAO faoin 10 Márta 2026. Tá sé de fhreagracht ar gach iarratasóir a chinntiú go gcomhlánófar an fhoirm seo i gceart.**

## Cuid 1: Le comhlánú ag an Iarratasóir HEAR

Ainm an Iarratasóra HEAR:

Seoladh:

Uimhir CAO:

Dáta Breithe: L L M M B B B B

Uimhir PSP:

## Cuid 2: Le comhlánú ag Tuismitheoir(í)/Caomhnóir(í) an iarratasóra

Tugaimse údarás do nochtadh an eolais atá leatha amach thíos ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar iarratas HEAR.

Síniú Thuismitheoir 1/Chaomhnóir 1

Síniú Thuismitheoir 2/Chaomhnóir 2

Uimhir PSP (Tuismitheoir 1/Caomhnóir 1)

Uimhir PSP (Tuismitheoir 2/Caomhnóir 2)

## Cuid 3: Le comhlánú ag an Oifigeach RCS

Ainm Thuismitheoir 1/Chaomhnóir 1:

**Ná hathraigh an bhliain a dteastaíonn an t-eolas ar an bhfoirm seo lena haghaidh.**

**Ioncam Leasa Shóisialaigh Iomláin ar gach scéim leasa shóisialaigh* a íocadh chuig an uimhir PSP seo sa bhliain 2024?**

**Ag fáil íocaíocht(í) cúnaimh shóisialaigh atá tástáilte ó thaobh acmhainne ar feadh ar laghad 26 seachtain nó 6 mhí sa bhliain 2024?** **TÁ** **NÍL**

Ainm na hÍocaíochta/na nÍocaíochtaí:

Íocaíocht 1:

Íocaíocht 2:

* Sochar Linbh agus fordheontais áirithe a íoctar faoi scéimeanna Liúntais Leasa Fhorlíontaigh as an áireamh.



**Is é seo leathanach 1 d'fhoirm 2 leathanach. Ní mór leathanach 2 a chomhlánú, a shíniú agus a stampáil.**

Ainm Thuismitheoir 2/Chaomhnóir 2:

**Ná hathraigh an bhliain a dteastaíonn an t-eolas ar an bhfoirm seo lena haghaidh.**

**Ioncam Leasa Shóisialaigh Iomláin ar gach scéim leasa shóisialaigh* a íocadh chuig an uimhir PSP seo sa bhliain 2024?** €

**Ag fáil íocaíocht(í) cúnaimh shóisialaigh atá tástáilte ó thaobh acmhainne ar feadh ar laghad 26 seachtain nó 6 mhí sa bhliain 2024?** **TÁ** **NÍL**

Ainm na hÍocaíochta/na nÍocaíochtaí:

Íocaíocht 1:

Íocaíocht 2:

*Sochar linbh agus fordheontais áirithe a íoctar faoi scéimeanna Liúntais Leasa Fhorlíontaigh as an áireamh.

## Eolas Íocaíochta Breise

**1. An bhfuil Cleithiúnaí Fásta ar na híocaíochtaí atá liostaithe ar an bhfoirm seo?** **TÁ** **NÍL**

Ainm an Chleithiúnaí Fhásta:

**2. An bhfuil sé fíor go mbaintear maoin le haghaidh íocaíochtaí? Má tá, cuir isteach an méid seachtainiúil den mhaoin a bhaintear** **TÁ** **NÍL**

Maoin sheachtainiúil a bhaintear i gcás Thuismitheoir 1/Chaomhnóir 1 in 2024

Maoin sheachtainiúil a bhaintear i gcás Thuismitheoir 2/Chaomhnóir 2 in 2024

**Caithfidh gach foirm a bheith comhlánaithe, sínithe agus stampáilte ag oifigeach RCS. Tá foirmeacha nach bhfuil sínithe agus stampáilte neamhbhailí.**

Ainm Oifigeach RCS (CEANNLITREACHA):

Dáta: L L M M B B B B

Síniú Oifigeach RCS

Stampa Oifigiúil RCS

**Is éard is HEAR ann ná scéim coláistí agus ollscoileanna do dhaoine a fhágann an scoil, atá ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann agus atá faoi ghannionadaíocht de bharr a gcúinsí socheacnamaíocha.**

## Iarratas ar Fhaisnéis ón Roinn Coimirce Sóisialaí

Ní mór do do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) Cuid 2 a chomhlánú agus an fhoirm seo a chur isteach chuig a nIonad RCS Intreo áitiúil. Coinnigh fótachóip di chomh maith le cruthúnas ar phostas. Cuir isteach na doiciméid ar fad chuig an CAO faoin 10 Márta 2026. Tá sé de fhreagracht ar gach iarratasóir a chinntiú go gcomhlánófar an fhoirm seo i gceart.

# Ar chuimhnigh tú ar...

## Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas (DARE)

Is éard atá i gceist le DARE ná scéim iontrálacha tríú leibhéal malartach le haghaidh daoine a d›fhág an scoil agus a raibh tionchar diúltach ag a gcuid míchumas ar a n-oideachas dara leibhéal. Cuireann DARE áiteanna pointí laghdaithe ar fáil do dhaoine a d'fhág an scoil roimh a raibh dúshláin oideachais bhreise in oideachas dara leibhéal de bharr míchumas a bheith orthu.

Ba cheart duit cur isteach ar HEAR agus ar DARE araon má bhaineann siad leat. Tabharfaidh na coláistí agus na hollscoileanna rannpháirteacha tús áite do na hiarratasóirí a dhéanann iarratas agus a mheastar atá incháilithe le haghaidh DARE agus HEAR agus iad ag cur a n-áiteanna pointí laghdaithe ar fáil. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin DARE féach **www.accesscollege.ie.**

## Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI)

Chun eolas mionsonraithe a fháil maidir le tacaíocht airgeadais agus deontais mac léinn le linn do scoláire dul go dtí oideachas tríú leibhéal, logáil isteach ar **www.susi.ie.**

- Úsáid **Áiritheoir Cáilitheachta SUSI** lena fháil amach an gcomhlíonann tú critéir SUSI chun maoiniú an deontais mac léinn a fháil.
- Déan iarratas air go luath agus seol ar ais an cháipéisíocht a iarrtar a luaithe agus is féidir.
- **Cuir tic leis an rogha SUSI ar d'iarratas CAO chun do chúrsa coláiste a chomhroinnt le SUSI.**

HEA | HIGHER EDUCATION AUTHORITY
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS

An Roinn Oideachais
Department of Education

CAO
www.cao.ie

Seol do cháipéisí tacaíochta chuig:

Iarratais HEAR 2026
CAO, Tower House, Sráid Eglinton, Gaillimh

faoin Máirt 10 Márta 2026.

HEAR | HIGHER EDUCATION ACCESS ROUTE